Parlaimint na hEorpa,
2024-2029

An Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta

2025/2145(DEC)

6.2.2026

TUAIRIM

ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta

chuig an gCoiste um Rialú Buiséadach

maidir le hurscaoileadh i leith chur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2024, Roinn III – an Coimisiún, gníomhaireachtaí feidhmiúcháin agus an naoú, an deichiú agus an t-aonú Ciste Eorpach Forbraíochta déag
(2025/2145(DEC))

Rapóirtéir don tuairim: Romana Tomc

PA_NonLegDec

TUAIRIM

Iarrann an Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta ar an gCoiste um Rialú Buiséadach, mar an coiste atá freagrach, an méid seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

– ag féachaint don tuarascáil bhliantúil ón gCúirt Iniúchóirí ar chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2024, maille le freagraí na n-institiúidí, agus do na tuarascálacha speisialta ón gCúirt Iniúchóirí;

1. á chur in iúl gur geal léi an tuairim ghlan ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa inar thángthas ar an gconclúid go gcuirtear staid airgeadais an Aontais ag deireadh na bliana i láthair go cothrom i gcuntais chomhdhlúite 2024 an Aontais, ar gach slí ábharthach;

2. ag tabhairt dá haire gurbh ionann iomlán na ngealltanas le híoc agus EUR 507.4 billiún ag deireadh 2024, lena n-áirítear NextGenerationEU (NGEU), laghdú ón leibhéal is airde riamh de EUR 543 bhilliún in 2023, agus ag tabhairt dá haire go bhfuil an leibhéal sin cothrom le EUR 33.5 billiún os cionn mheastachán an Choimisiúin i mí an Mheithimh 2024;

3. ag tabhairt faoi deara gur thit ráta earráide measta na Cúirte Iniúchóirí do cheannteideal 2 CAI ‘Comhtháthú, athléimneacht agus luachanna’ go 5.7 % in 2024, síos ó 9.3 % in 2023, ach go bhfuil sé fós os cionn na tairsí ábharthachta 2 % a d’fhág gur eisigh an Chúirt tuairim dhíobhálach maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht an chaiteachais buiséid; ag tabhairt dá haire go bhfuil ardriosca fós ag baint le caiteachas faoin gceannteideal sin mar gheall ar a chineál atá bunaithe ar aisíocaíochtaí agus a rialacha casta, agus gur costais agus tionscadail neamh-incháilithe, neamhrialtachtaí i nósanna imeachta soláthair phoiblí agus easpa doiciméid tacaíochta bhunriachtanacha a bhí sna príomhchineálacha earráide a cainníochtaíodh; á iarraidh go ndéanfaí iarrachtaí neartaithe chun an ráta earráide a laghdú go háirithe don tréimhse nua chistiúcháin, agus ag cur sonrú i mbarúil na Cúirte go bhfuil tionchar ag castacht an bhealaigh a ndéantar cistí a eisíoc ar an riosca earráide;

4. á chur in iúl gur oth léi go mór go dtuarann an Coimisiún EUR 2.7 billiún i saoradh le haghaidh chistí an bheartais comhtháthaithe thar 2025–2027, beagnach seacht n-uaire níos airde ná mar a tuaradh in 2022; ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, nach raibh ráta ionsúcháin foriomlán na gcistí sin ach 5 % faoi dheireadh 2024 i gcomparáid le 14 % ag an bpointe coibhéiseach den CAI roimhe sin[1]; á athdhearbhú go léiríonn sé sin ionsúchán atá fós íseal agus á iarraidh, dá bhrí sin, ar na Ballstáit cur chun feidhme na gcistí sin ar bhealach níos tapúla a áirithiú; á chur i bhfáth gur cheart don Choimisiún bealaí a shainaithint chun cabhrú leis na Ballstáit dlús a chur le húsáid chistí an Aontais, go háirithe cistí bainistíochta comhroinnte faoi Rialachán na bhForálacha Coiteanna chun ionsúchán a fheabhsú, agus bainistíocht fhónta airgeadais á hurramú ag an am céanna; ag tabhairt dá haire, i ndáil leis an méid sin, na tograí reachtacha a glacadh le déanaí i ndáil leis na rialacháin maidir le cistí an bheartais chomhtháthaithe do

[1] Iniúchadh 2024 an Aontais i mBeagán Focal, Cúirt Iniúchóirí na hEorpa

chlárthréimhse 2021-2027[2], a d'fhéadfadh cabhrú leis an riosca go saorfaí na cistí sin a laghdú;

5. á mheabhrú go ndíríonn caiteachas faoi fho-cheannteideal 2a 'Comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach' ar éagothromaíochtaí idir na Ballstáit agus réigiúin an Aontais a laghdú; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá beartas comhtháthaithe an Aontais chun tacú le cur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta agus a Phlean Gníomhaíochta agus a phríomhspriocanna; á chur i bhfios go láidir go gcuireann beartas comhtháthaithe an Aontais go mór le beartais fostaíochta, shóisialta, oideachais agus scileanna an Aontais, lena n-áirítear athchóirithe struchtúracha sna réimsí sin;

6. á mheabhrú a thábhachtaí atá CSE+ arb é is aidhm leis ardfhostaíocht, cosaint shóisialta chothrom, lucht saothair oilte agus athléimneach, agus sochaithe cuimsitheacha a bhaint amach mar phríomhghné chun deireadh a chur leis an mbochtaineacht; ag tabhairt dá haire, in ainneoin an mhaolaithe, go bhfuil tionchar fós ag an mboilsciú ard ar bhuiséad 2024 an Aontais, rud a mhéadódh costais agus a chreimfeadh fíorluach leithreasuithe agus éifeachtacht CSE+; á chur i bhfios go láidir nach leor an buiséad reatha do CSE+ in aon chás chun spriocanna 2030 i bPlean Gníomhaíochta um Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta a bhaint amach; á chur i bhfáth gur gá tacaíocht leanúnach airgeadais agus pholaitiúil ó institiúidí an Aontais, ó institiúidí náisiúnta agus ó institiúidí réigiúnacha a chur ar fáil do CSE+ chun a chuspóirí agus a spriocanna a bhaint amach sna blianta atá le teacht; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé ról a thabhairt d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus do chomhpháirtithe sóisialta atá ag obair ar an láthair i gcur chun feidhme gníomhaíochtaí arna gcistiú ag CSE+; á iarraidh ar an gCoimisiún foireann naíolainne a thabhairt isteach go hinmheánach, rud lena n-áiritheofar dálaí maithe oibre agus cobhsaíocht chonarthach;

7. á chur in iúl gur geal léi, i gcomhréir lena ghealltanais cheangailteacha, agus tar éis iarrataí a rinne an Pharlaimint arís agus arís eile, go bhfuil modheolaíocht phíolótach forbartha ag an gCoimisiún chun caiteachas a bhaineann le comhionannas inscne ar leibhéal an chláir in CAI 2021-2027 a rianú agus a thomhas, d'fhonn príomhshruthú inscne a fheabhsú i bpróiseas buiséadach an Choimisiúin agus d'fhonn feabhas a chur ar an gcaoi a ndéantar cuspóirí comhionannais inscne a chur chun cinn le dearadh beartais agus leithdháileadh acmhainní;

8. á iarraidh ar an gCoimisiún moltaí uile na Cúirte Iniúchóirí nach ndearnadh aon ghníomh ina leith fós a chur chun feidhme a luaithe is féidir.

9. á mheabhrú a thábhachtaí atá sé faireachán a dhéanamh ar úsáid chistí an Aontais chun cosaint leasanna airgeadais an Aontais a áirithiú; á iarraidh ar an gCoimisiún leas iomlán a bhaint as na huirlisí atá ar fáil chun aghaidh a thabhairt ar an riosca soiléir go ndéanfaí sárú tromchúiseach ar luachanna an Aontais agus ar an smacht reachta; ag meabhrú, sa chomhthéacs sin, an ráitis ón gCoimisiún a ghabhann leis an athbhreithniú meántéarma ar an mbeartas comhtháthaithe maidir leis an ábhar;

[2] 1b COM(2025) 123 agus COM(2025) 164

IARSCRÍBHINN: DEARBHÚ IONCHUIR

Dearbhaíonn an rapóirtéir don tuairim, faoina freagracht eisiach, nár chuir sí san áireamh ina tuairim aon ionchur ó ionadaithe leasa a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach[1], ná ó ionadaithe údarás poiblí tríú tíortha, lena n-áirítear a misin taidhleoireachta agus a n-ambasáidí, atá le liostú san Iarscríbhinn seo de bhun Airteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta.

[1]Comhaontú Idirinstitiúideach an 20 Bealtaine 2021 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach (IO L 207, 11.6.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_interinstit/2021/611/oj).

FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

Dáta an ghlactha	28.1.2026
Toradh na vótála críochnaithí	+: 36 –: 6 0: 5

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAOCH ROLLA AG AN gCOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

36	+
NI	Branislav Ondruš
PPE	Pascal Arimont, Andrzej Buła, David Casa, Henrik Dahl, Sérgio Humberto, Martine Kemp, Miriam Lexmann, Jagna Marczułajtis-Walczak, Eleonora Meleti, Fernando Navarrete Rojas, Giusi Princi, Dennis Radtke, Liesbet Sommen, Romana Tomc
Renew	Hristo Petrov, Jana Toom, Brigitte van den Berg
S&D	Francisco Assis, Gabriele Bischoff, Vilija Blinkevičiūtė, Estelle Ceulemans, Vivien Costanzo, Johan Danielsson, Marit Maij, Aodhán Ó Ríordáin, Evelyn Regner, Rosa Serrano Sierra, Raffaele Topo
The Left	Li Andersson, Konstantinos Arvanitis, Per Clausen, Kathleen Funchion, João Oliveira
Verts/ALE	Katrin Langensiepen, Maria Ohisalo

6	-
ESN	Christine Anderson, Petar Volgin
PfE	Jaroslav Knot, Margarita de la Pisa Carrión, Pál Szekeres, Séverine Werbrouck

5	0
ECR	Elena Donazzan, Chiara Gemma, Marlena Maląg, Francesco Torselli, Mariateresa Vivaldini

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh